Aitheasc ó Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Parlaimint na hEorpa, Strasbourg
An 16 Iúil 2024

A chomhghleacaithe córa,
A mhuintir dhil na hEorpa,

Is le humhlaíocht agus le freagracht a deirim gur mór an onóir dom go bhfuil muinín curtha agaibh ionam leanúint de bheith ag fónamh daoibh mar bhur nUachtarán. Oibreoidh mé gach lá chun an mhuinín atá curtha agaibh ionamsa agus sa Pharlaimint seo a chúiteamh libh.

Is é a bheidh sa Pharlaimint i gcónaí ná Teach gach uile dhuine san Eoraip. I dteannta a chéile, ní mór dúinn seasamh ar son pholaitíocht an dóchais, ar son aisling na hEorpa, ar son ghealltanas ár sean nár comhlíonadh fós.

Dhá bhliain go leith níos déanaí, is mian liom fós go gcreidfeadh daoine athuair inár dtionscadal agus go mbeadh lé athuair acu leis. Creideamh chun ár spás comhroinnte a dhéanamh níos sábháilte, níos cothroime, níos córa agus níos comhionainne. Creideamh gur i dteannta a chéile is ea is láidre agus is fearr sinn. Creideamh go bhfuil an Eoraip seo againne ina háit do chách uile.

Ní mór an Eoraip seo againne a bheith ina háit ina gcuimhnítear, ina bhfoghlaimítear ó choimheascar an ama a chuaigh thart agus ina n-aithnítear comhrac an dúruda daoine a sheas ar son na n-idéal a ndéanaimid dóigh díobh uaireanta; ar son na ndaoine go léir a easáitíodh, a maraíodh; ar son na ndaoine a sheas os comhair tancanna agus urchar agus cúl á thabhairt leis an ollsmachtachas a raibh an oiread sin den Eoraip i ngreim aige ar feadh na mblianta móra fada; ar son na ndaoine sin go léir a chreid go bhféadfadh saol níos fearr a bheith ann agus a raibh sé de mhisneach acu fís a bheith acu d'fhonn a chothaithe. Ní mór an Eoraip seo againne a bheith ina háit a mbeadh Adenauer, Mitterrand, Wałęsa, Fenech Adami, Havel, Veil, Falcone agus Borsellino go léir bródúil aisti.

Ní mór an Eoraip seo againne a bheith ina háit ina dtugtar onóir dóibhsean, ina dtugtar onóir dár stair chomhroinnte. Agus níl aon áit is oiriúnaí ná anseo in Strasbourg, i gceanncheathrú Pharlaimint na hEorpa, in eiseamláir bheo seo an athmhuintearais, chun an t-am a chuaigh thart a chomóradh agus bunchlocha an ama atá le teacht a leagan.

Ní mór an Eoraip seo againne a bheith ina háit atá inrochtana do chách, a n-airíonn cách uile nach é amháin gur cuid di iad ach gur leosan í freisin. Toisc a dheighilte atá ár sochaithe, is amhlaidh atá an pholaitíocht níos achrannaí, a imrítear foréigean polaitiúil fiú, a thagtar ar fhreagraí éasca a scoilteann ár bpobail ina 'sinne' agus 'iadsan'. Is gá dúinn cúl a thabhairt leis an smaointeoireacht dhubh agus bhán úd a eisiann daoine, a chuireann dochma ar dhaoine, a chothaíonn fearg agus

fuath seachas dóchas agus creideamh. Tuigimid nach bhfuil teacht ar fhíor-réitigh i seascaireacht na polaitíochta sách éasca úd.

Siod é an Teach a sheasann an fód don mhalairt slí. Atá ag iarraidh tógáil a dhéanamh seachas milleadh a dhéanamh. Nach eagal leis an chonair dheacair a ghabháil. Atá in ann a ghuth a aimsiú agus a úsáid chun leasa an phobail. A chuireann i gcoinne an uathlathais. A áitíonn go bhfuil gá mó sa mhó ann troid ar son an smachta reachta. A thuigeann nach mór gach duine againn a bheith comhionann go fírinneach san Eoraip. Comhionannas nach bhfuil sé d'aidhm aige go mbeimis uile mar a chéile, ach ceann a fhágann an deis chéanna a bheith ag cách uile barr a gcumais a bhaint amach. Is tríd an gcomhionannas deiseanna a aithnítear ár ndifríochtaí, a thuigtear gur bua iad na teangacha éagsúla sin, na cultúir éagsúla sin agus na scéalta éagsúla sin a fhágann gur dream ar leith í muintir na hEorpa.

Is é an bua sin a chuirfidh ar ár gcumas dúinn a áirithiú go rachaidh na dlithe a rithfimid anseo, go rachaidh siad chun leasa na muintire i ngach sráidbhaile, baile, cathair agus oileán den Aontas seo againne. Ní mór dúinn féachaint chuige go n-oibreoidh gach ceann dár mbeartais, agus go rachaidh siad chun leasa daoine óga, teaghlach, feirmeoirí agus an tionscail.

Is fúinne uile atá sé féachaint chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip san am atá le teacht. Agus féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip trí chreat slándála agus cosanta nua a chruthú trína gcoinneofar daoine sábháilte agus trína gcuirfear i gcoinne uaillmhianta leathnaitheacha deachtóirí inár gcomharsanacht. Trína sárófar na bagairtí hibrideacha atá fós os ár gcomhair. Trína gcosnófar an Eoraip. Trína gcosnófar ár n-uathriail straitéiseach. Trína gcoimeádfar an tsíocháin. Trína dtuigfear go bhfuil bagairt an-dáiríre os ár gcomhair.

Féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip trí threisiú le hiomaíochas na hEorpa: tríd an margadh aonair a dhoimhniú, trí phoist ardcháilíochta a áirithiú, trí chomhaontuithe trádála domhanda a thabhairt i gcrích, tríd an aontas baincéireachta agus aontas na margaí caipitil a chomhlánú, agus trí spriocanna is féidir a chur chun feidhme a bheith againn i leith an tionscail. Trína gcoimeádfar gnólachtaí na hEorpa san Eoraip agus trína gcuirfear ar ár gcumas dúinn infheistíocht a dhéanamh inár n-óige, i dtaighde, san oideachas, sa chultúr, inár bpobail agus sa chuid eile den domhan: trí shimpliú, trí dheireadh a chur le rómhaorlathas agus le maorlathas nach gá a fhágann cúl a bheith á thabhairt ag daoine leis an Eoraip agus poist gan a bheith á gcruthú san Eoraip. Is iad na héachtaí is mó a gcuimhníonn ár ndaoine orthu ná na cinn trína ndearna an Eoraip a saol a shimpliú.

Féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip trí fhíor-réitigh a aimsiú i leith na haeráide. Údar bróid is ea oidhreacht na hEorpa, agus is cinnte liom gur féidir linn leanúint de bheith inár gceannaire domhanda agus slí a aimsiú lenár spriocanna a bhaint amach ar bhealach nach

bhfágfaidh aon duine ar lár, a fhágfaidh an fhorbairt inbhuanaithe a bheith fite fuaite le cosaint ár dtimpeallachta nádúrtha agus ár n-oidhreachta. Is féidir linn an dá rud a bhaint amach.

Féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip má bhímid in ann colún sóisialta na hEorpa a threisiú. Má mhúsclaímid dóchas i ndaoine agus má chaithimid go measúil le daoine. Má bhíonn pinsin agus pá ag luí le hionchais na sochaí. Ní féidir linn dul chun cinn a dhéanamh mura féidir leis an ógra áit a ghlacadh ar cíos – gan trácht ar é a cheannach – ar mhaith leo cónaí ann. Tá géarchéim tithíochta na hEorpa ag bagairt agus ní mór na huirlisí a bheith againn chun aghaidh a thabhairt uirthi – fiú ar an leibhéal Eorpach.

Féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip má éiríonn linn, faoi dheoidh, reachtaíocht chuí maidir le himirce agus tearmann a chur chun feidhme lena n-áireofar bainistiú riachtanach ar theorainneacha maille le beartas um fhilleadh, agus, thar aon rud eile, a bheidh duine-lárnach. Trína n-áiritheofar nach mbeidh aon mháthair eile ann nach mbeidh an dara rogha aici ach a leanbh a chur i mbád corrach ar iocht líonraí gáinneála coiriúla. Trína ráthófar go mbeidh an Eoraip in ann déanamh de réir a oidhreachta stairiúla agus bródúla.

Féachfaimid chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip má bhímid in ann leas a bhaint as na deiseanna atá ann sa ré dhigiteach, atá ann as los na hintleachta saorga. Is gá dúinn leanúint de bheith chun tosaigh, a bheith in ann na sochair a bhreith linn agus a bheith in ann iarmhairtí na bréagaisnéise a mhaolú. Tá an t-eolas ar fad ar bharra ar méar againn, ach is amhlaidh, dá ainneoin sin, atá daoine níos uaigní ná riamh. Léiríonn sé sin a mhéid is gá an Eoraip a bheith ina ‘pobal’.

Ní féidir linn féachaint chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip más amhlaidh atá daoine fós gan a bheith in ann a bheith mar is mian leo a bheith agus grá a thabhairt do pé duine is mian leo in aon áit san Eoraip. Mura gcuirfimid deireadh leis na bacainní uile a chuireann cosc ar dhaoine faoi mhíchumas san Aontas na deiseanna céanna a bheith acu sa saol agus atá ag gach duine eile. Mura féidir linn comhrac i gcoinne an idirdhealaithe nó cosc a chur leis an bhfrithsheimíteachas nó an Ioslamafóibe atá ag dul i méid. Má leanann fuath agus foréigean de bheith ina mbonn leis an iomarca dár ndioscúrsa polaitiúil. Ní mór dúinn féachaint chuige go mbeidh an Eoraip ina háit ar mhaith le gach duine maireachtáil inti; ina ndéantar cailíní amhail Coco as Éirinn a chosaint ar a gciapairí.

Ní féidir linn féachaint chuige gur fearr an áit a bheidh san Eoraip mura bhfuil an iomarca ban fós in ann a bhrath gur cuid di iad. Tá an iomarca ban san Eoraip seo againne a bhfuil mí-úsáid á tabhairt dóibh fós, atá fós á mbualadh, atá fós á ndúnmharú. Tá an iomarca ban fós ag troid ar son cearta a bheith acu. Tá an iomarca ban fós ag tuilleamh níos lú ná fir as an bpost céanna. Tá eagla ar an iomarca ban fós. Ní mór an Eoraip a bheith ina háit dóibhsean freisin.

Is féidir linn an Eoraip ab áil le Simone Veil agus Nicole Fontaine a bheith ann a thógáil. An Eoraip nach raibh Marie Skłodowska-Curie in ann tairbhe iomlán a bhaint aisti. An Eoraip nach mbeidh Giulia, Pelin, Ana Vanessa, Daphne, ná an dúrud ban eile, in ann a fheiceáil choíche. Déanfaimid ar a son siúd é, ar son na ndaoine go léir nach bhfuil in ann labhairt agus ar son iad sin go léir a thiocfaidh inár ndiaidh.

Tá a fhios agam go bhféachfaimid chuige, i dteannta a chéile, gur fearr an áit a bheidh san Eoraip san am atá le teacht. Tá a fhios agam gurb amhlaidh, nuair a fhéachfar, fud fad an domhain, ar an bParlaimint seo, a fhéachfar Teach a sheasann an fód do chearta, a chosnaíonn iriseoirí, a thugann urraim don tsaoirse, a thuigeann gurb é an ról atá aige sa domhan a bheith ina eiseamláir daonlathais ar fud na cruinne.

Seachtó bliain ó shin, dúirt Alcide de Gasperi an méid seo a leanas: ‘Snáithe síoraí ó thús ama is ea an fonn chun aontachta. Labhraímis, scríobhaimis, caomhnaímis, ná scoirimis go brách chun anáil a tharraingt; go raibh an Eoraip fós ar an ní is tábhachtaí a gcuimhnímis air.’ Athluaim a bhriathra siúd agus ní mór dúinn cuimhneamh orthu i rith an téarma pharlaimintigh seo.

A chairde ionúine, tá foghlamtha againn nach féidir linn dóigh a dhéanamh den daonlathas choíche. Tá feicthe againn go measann an iomarca daoine gur bagairt iad ár luachanna Eorpacha. Is cuma nó suaitheantas é masla úd na n-uathlathaithe a leanfaimid de bheith á chaitheamh go bródúil.

Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ceannasaí fós ar bharr ár gcláir oibre. Chuaigh mé go Cív thar bhur gceann nuair a thosaigh an cogadh. Cuairt ab ea é a thug ugach úr dár dTeach, a d’fhág infheictheacht úr a bheith ag roinnt leis agus a d’fhág tionchar úr a bheith aige. Chuidigh an Teach seo le haird an tsaoil pholaitiúil a tharraingt ar an ngá a bhí ann seasamh leis an Úcráin, agus tá daoine ag brath orainn leanúint de bheith ag déanamh amhlaidh a mhéid is féidir.

Iarrfar orainn níos mó a dhéanamh agus ní mór dúinn a bheith toilteanach beart a dhéanamh de réir ár mbriathair agus an méid is gá a dhéanamh. Déanfaimid amhlaidh toisc nach mór don Eoraip seasamh ar son na saoirse, ar son na síochána: fíorshíocháin maille le ceartas, maille le dínit agus maille le saoirse. Óir tuigimid san Eoraip conas deighiltí a thaibhsíonn a bheith doleigheasta a leigheas.

Ní mór an méid sin a bheith ina threoir againn freisin agus freagairt á tabhairt againn ar an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear, áit nach mór, fiú agus an cogadh ar siúl go fíochmhar, guth na Parlaiminte a bheith ina ghuth ar son na daonnachta, agus nach mór dúinn a áitiú go gcuirfí deireadh le fáinne fí an fhoréigin ó ghlúin go glúin, go nglacfaí réiteach an dá stát, go mbeadh síocháin inbhuanaithe ann agus go gcuirfí ar ais na gialla sin atá fós i mbraighdeanas.

Is é an ról sin a threoraíonn sinn agus 50 bliain brónach ann ó deighleadh an Chipir go saorga. Caithfimid a bheith ar an nglúin atá in ann bealach chun cinn a aimsiú faoi choimirce phlean na Náisiún Aontaithe. Ní mór dúinn, faoi dheoidh, an bhearna atá chomh dorcha sin i stair na hEorpa a dhúnadh le réiteach inmharthana, i gcomhréir le rúin ón gComhairle Slándála agus lenár luachanna Eorpacha.

Is é cosaint sin ár ndaonnachta coitinne a fhágann gur sinne a sheasann le mná atá faoi bhagairt uafásach san Afganastáin; leis na cailíní agus na mic léinn sin ar shráideanna na hIaráine; le Sviatlana Tsikhanouskaya, leo siúd a cuireadh i bpríosún go héagórach agus leis an ngluaiseacht ar son Bealarúis shaor agus dhaonlathach; leis na cailíní Iasaídeacha cróga atá fós ag troid; le Yulia Navalnaya, a sheasann an fód go diongbháilte; leo siúd go léir ar fud an domhain a leanann d'ionsaithe deoirgháis a sheasamh agus bratach na hEorpa ar foluain go hard acu.

Sin é atá san Eoraip ar fud an domhain. Sin í an Pharlaimint a fheiceann an saol mór – an Pharlaimint ar mórchúis bhróid do gach duine againn fónamh di. Sin í an taidhleoireacht pharlaiminteach a bheidh bunriachtanach agus an t-iltaobhachas á chosaint againn agus freisin agus sinn ag ullmhú faoi chomhair mhéadú an Aontais Eorpaigh seo againne. Ní mór dúinn a bheith toilteanach lámh chúnta na hEorpa a shíneadh chuig na daoine sin san Úcráin, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia a bhfuil a ndóchas á chur ionainn acu, agus chucu siúd go léir sna Balcáin Thiar atá ag iarraidh le rófhada an lá go ndéanfaí dul chun cinn, agus gach tír acu iad ag gabháil a conaire féin de réir cur chuige fiúntas-bhunaithe a urramaíonn na critéir is gá. Ní mór dúinn a bheith réidh le haghaidh a thabhairt ar an saol nua seo agus ar an réaltacht nua seo. Agus, i dteannta le chéile, beimid réidh.

A chomhghleacaithe, chun a léiriú athuair go bhfuilimid tiomanta don Eoraip, ní mór – i mbriathra an naoimh Eorpaigh shuaithinsigh ó Kraków, Karol Wojtyła – 'gan eagla a bheith orainn'. Gan eagla a bheith orainn an fód a sheasamh in éadan uathlathaithe. Gan eagla a bheith orainn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair. Gan eagla a bheith orainn an fód a sheasamh ar son na hEorpa. Gan eagla a bheith orainn leanúint d'Aontas a thógáil a oibreoidh do gach duine againn.

In 2016, scríobh Jonathan Sacks an méid seo a leanas: 'Ní fada uainn ré pholaitíocht an dóchais. Ach chun í a chruthú, beidh orainn slite a aimsiú le teaghlaigh agus pobail a neartú, le cultúr freagrachta comhchoitinne a thógáil agus le geilleagar a éileamh a rachadh chun leasa an phobail. Ní ceist é seo a bhaineann le polaitíocht na bpáirtithe a thuilleadh. Baineann sé le hinmharthanacht na saoirse ar throid an tIarthar chomh fada agus chomh crua sin ar a son. Caithfimid scéal mealltach dóchais a chur le chéile a fhágfaidh lorg ar gach duine againn, seachas ar chuid againn, agus ní tráth moille é.'

A chairde ionúine, is féidir linn scéal an Aontais shuaithinsigh seo againne a insint athuair. Is féidir linn glúnta nua Eorpach a spreagadh. Óir is é atá san Eoraip ná dóchas. Is é atá san Eoraip ná creideamh. Is é atá san Eoraip ná gach uile dhuine againn. Is í an Eoraip an freagra i gcónaí.

An Eoraip abú!